CINNEADH (AE) 2023/1810 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meán Fómhair 2023

maidir le hiarraidh ar charnadh sínte idir an Chambóid agus Vítneam, i gcomhréir le hAirteagal 56(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, a mhéid a bhaineann leis na rialacha tionscnaimh a úsáidtear chun críocha scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 le haghaidh ábhair nó páirteanna áirithe a úsáidtear i dtáirgeadh rothar

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 64(3) de,

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe i ndáil le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais ([2]), agus go háirithe Airteagal 56 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 56(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 go bhféadfaidh tíortha is tairbhithe de scéim fabhar ginearálaithe an Aontais Eorpaigh (GSP) carnadh sínte a iarraidh le tír a bhfuil comhaontú saorthrádála ag an Aontas léi i gcomhréir le hAirteagal XXIV den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) atá i bhfeidhm.

(2) Le hAirteagail 56(1) agus 56(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 leagtar síos na coinníollacha faoina bhféadfar cead a thabhairt do thíortha is tairbhithe de GSP ábhair ó thír a bhfuil comhaontú saorthrádála ag an Aontas léi a úsáid, faoi charnadh sínte, i gcomhréir le hAirteagal XXIV GATT atá i bhfeidhm. Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 56(1) nach bhféadfar an carnadh sin a chur i bhfeidhm ach amháin tar éis do na tíortha atá rannpháirteach i gcarnadh sínte gealltanas a thabhairt rialacha tionscnaimh GSP a chomhlíonadh nó a áirithiú go gcomhlíonfar iad, mar aon leis na rialacha tionscnaimh a leagtar síos sa Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Vítneam agus gach foráil eile a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha tionscnaimh, agus chun an comhar riaracháin is gá a sholáthar chun cur chun feidhme ceart na rialacha sin a áirithiú maidir leis an Aontas agus eatarthu féin freisin.

(3) Tá an Coimisiún le cinneadh a dhéanamh maidir le hiarraidh den sórt sin i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

(4) Le litir dar dáta an 2 Nollaig 2022, chuir an Chambóid iarraidh isteach ar charnadh sínte le Vítneam de bhun Airteagal 56(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446. Baineann an iarraidh le hábhair áirithe nó le páirteanna áirithe de thionscnamh Vítneam a úsáidtear i dtáirgeadh rothar atá le húsáid mar ábhair thionscnaimh sa Chambóid chun rothair faoi cheannteidil 87.11, 87.12 agus 95.03 den Chóras Comhchuibhithe (CC) a tháirgeadh agus a onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach faoi rátaí fabhracha GSP.

(5) Mar thaca lena hiarraidh, mheabhraigh an Chambóid, ós rud é gur baineadh Vítneam den liosta de thíortha is tairbhithe den socrú ginearálta GSP ón 1 Eanáir 2023, go meastar gur ábhair neamhthionscnaimh iad na hábhair nó na páirteanna ón Vítneam a úsáidtear chun rothair a tháirgeadh, agus mar thoradh air sin, nach bhfuil táirgeoirí rothar na Cambóide in ann tairbhiú de rochtain saor ó dhleacht GSP le haghaidh rothair ón gCambóid ag dul isteach san Aontas. San am céanna, chun geilleagar na Cambóide a éagsúlú agus chun leanúint d'fhostaíocht agus de

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.
([2]) IO L 343, 29.12.2015, lch. 1.

shlí bheatha a chur ar fáil do na mílte daoine, ní mór do thionscal rothar na Cambóide leanúint de rochtain a bheith aige ar ábhair nó ar pháirteanna áirithe de thionscnamh Vítneam a úsáidtear chun rothair a tháirgeadh faoin gcarnadh sínte dá bhforáiltear in Airteagal 56(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

(6) Tá Comhghnóthas idir an Chambóid agus Vítneam ag gabháil leis an iarraidh maidir le comhar riaracháin faoi chuimsiú Airteagal 56(1)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, chun a áirithiú ar thaobh amháin, comhlíonadh na rialacha ábhartha tionscnaimh faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Vítneam maidir le hábhair tionscnaimh ón Vítneam atá le húsáid i monarú rothar sa Chambóid agus na rialacha tionscnaimh faoi GSP i dtaca leis na táirgí a onnmhairíonn an Chambóid chuig an Aontas, agus ar an taobh eile, an comhar riaracháin a sholáthar maidir leis an Aontas agus eatarthu féin.

(7) Sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhghnóthas thuasluaite, tá liosta de na hábhair nó na páirteanna a úsáidtear i dtáirgeadh rothar de thionscnamh Vítneam lena mbaineann an carnadh sínte, faoi chaibidlí 32, 38, 39, 40, 48, 49, 73, 74, 76, 83, 85 agus 87 den Chóras Comhchuibhithe, chomh maith le liosta seoltaí agus sonraí teagmhála údaráis rialtais na Cambóide agus Vítneam atá freagrach as an gcruthúnas tionscnaimh a eisiúint agus a fhíorú.

(8) Scrúdaigh an Coimisiún an iarraidh ón gCambóid, lena n-áirítear an Comhghnóthas idir an Chambóid agus Vítneam maidir le comhar riaracháin agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha a bhaineann leis an gcarnadh sínte a dheonú le haghaidh na n-ábhar nó na bpáirteanna de thionscnamh Vítneam a úsáidtear i dtáirgeadh rothar atá le húsáid mar ábhair thionscnaimh sa Chambóid chun rothair a mhonarú agus a onnmhairiú chuig an Aontas faoi GSP. Faoi láthair, is tír is tairbhí de GSP í an Chambóid de réir bhrí Airteagal 2(d) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Chomh maith leis sin, níl rothair ar liosta na dtáirgí ar ina a leith a aistarraingíodh go sealadach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/550 ón gCoimisiún ([4]) na fabhair tharaife a deonaíodh don Chambóid faoin socrú ginearálta dá dtagraítear i bpointe 1(a) d'Airteagal 1(2) de Rialachán GSP.

(9) I bhfianaise an mhéid sin thuas, ba cheart an fhéidearthacht a dheonú don Chambóid carnadh sínte a chur i bhfeidhm maidir le hábhair nó páirteanna áirithe a úsáidtear chun rothair a tháirgeadh faoi chaibidlí 32, 38, 39, 40, 48, 49, 73, 74, 76, 83, 85 agus 87 den Chóras Comhchuibhithe, ar de thionscnamh Vítneam iad, chun rothair a mhonarú faoi cheannteidil 87.11, 87.12 den Chóras Comhchuibhithe. Mar sin féin, maidir leis na táirgí iarrtha a chumhdaítear faoi cheannteideal 95.03, ós rud é go bhfuil na táirgí sin saor ó dhleacht cheana féin, ní áireofar ceannteideal 95.03 sa Chinneadh seo.

(10) Sna ráitis maidir le tionscnamh a tharraingítear suas i ndáil le táirgí a mhonaraítear trí úsáid a bhaint as carnadh, ba cheart tagairt shonrach a bheith iontu chun a shainaithint nuair a chuirtear carnadh i bhfeidhm i gcomhréir le hIarscríbhinn 22-07 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([5]).

(11) Ba cheart feidhm a bheith ag an gcarnadh a dheonaítear leis an gCinneadh seo go dtí an dáta a leagtar síos in Airteagal 43(3) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012.

(12) Déanfaidh an Coimisiún Eorpach faireachán ar éabhlóid na n-allmhairí a eascraíonn as an gcarnadh i gcomhréir leis an gCinneadh seo,

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1).

([4]) IO L 127, 22.4.2020, lch. 1.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, agus i gcomhréir le hAirteagal 56(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, tá an Chambóid i dteideal úsáid a bhaint as ábhair nó páirteanna áirithe a úsáidtear i dtáirgeadh rothar a liostaítear in Iarscríbhinn I, ar de thionscnamh Vítneam iad i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Vítneam, faoi charnadh sínte tionscnaimh, chun na rothair a liostaítear in Iarscríbhinn II a tháirgeadh agus a onnmhairiú chuig an Aontas faoi dhleachtanna custaim fabhracha GSP, ar choinníoll go bhfuil an Chambóid fós ina tír is tairbhí de GSP, tráth onnmhairiú an táirge chuig an Aontas, de réir bhrí Airteagal 2(d) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, agus nach dtarraingítear siar ar bhonn sealadach na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán sin maidir le rothair a liostaítear in Iarscríbhinn II i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, agus go bhfuil na rialacha tionscnaimh a leagtar síos i bhForoinn 2 de Roinn 2 de Chaibidil 1 de Theideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 i bhfeidhm.

Airteagal 2

Áireofar sna ráitis maidir le tionscnamh arna ndéanamh ag onnmhaireoirí sa Chambóid maidir le táirgí dá dtagraítear Airteagal 1 an lua '*extended cumulation with Vietnam*' [carnadh sínte le Vítneam] san uimhir ionaidchoinneálaí (6d) don chritéar tionscnaimh in Iarscríbhinn 22-07 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

Airteagal 3

Cuirfidh údaráis inniúla na Cambóide tuarascáil ráithiúil ar aghaidh chuig an gCoimisiún, faoi dheireadh na míosa i ndiaidh gach ráithe féilire, maidir le cur i bhfeidhm an charntha dá dtagraítear in Airteagal 1. Cuirfear ar fáil sa tuarascáil sin liosta de na ráitis maidir le tionscnamh a tarraingíodh suas le linn na tréimhse deireanaí le haghaidh na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 1, na honnmhaireoirí lena mbaineann arna sainaithint ag a n-uimhir REX, cainníochtaí agus ceannteideal CC na n-ábhar nó na bpáirteanna de thionscnamh Vítneam a úsáideadh chun rothair a tháirgeadh, agus cainníochtaí na rothar a onnmhairíodh chuig an Aontas.

Airteagal 4

Tairbheoidh na táirgí a tháirgtear faoin gcarnadh dá dtagraítear in Airteagal 1 den socrú ginearálta dá dtagraítear i bpointe 1(a) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 nuair a allmhairítear isteach san Aontas iad go dtí an dáta a shocraítear in Airteagal 43(3) den Rialachán sin.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Ábhair nó páirteanna a úsáidtear i dtáirgeadh rothar, ar rothair de thionscnamh Vítneam iad i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú le Prótacal 1 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Vítneam, atá le carnadh i monarú rothar sa Chambóid faoi charnadh sínte

Cód HS2022	Tuairisc ar na hearraí
3208 90	- Eile
3209 90	- Eile
3814 00	- Tuaslagóirí agus caolaitheoirí comhchodacha orgánacha nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ullmhóidí díothaithe péinte nó vearnaise.
3923 50	- Stopalláin, claibíní, caidhpeanna agus cláir eile
3923 90	- Eile
4011 50	- De chineál a úsáidtear ar rothair
4012 90	- Eile
4013 20	- De chineál a úsáidtear ar rothair
4016 99	- - Eile
4819 10	- Cartáin, boscaí agus cásanna, as páipéar roctha nó as páipéarchlár roctha
4819 20	- Cartáin infhillte, boscaí infhillte agus cásanna infhillte, as páipéar neamhroctha nó as cairtchláir neamhroctha
4821 10	- Iad priontáilte
4823 90	- Eile
4908 90	- Eile
4911 99	- - Eile
7303 00	Feadáin, píobáin agus próifílí tolla déanta as iarann teilgthe.
7304 90	- Eile
7307 99	- - Eile
7315 11	- - Slabhra rollóra
7318 22	- - Leicneáin eile
7318 24	- - Leicníní agus pionnaí leicnín
7326 90	- Eile
7415 33	- - Scriúnna; boltaí agus cnónna
7601 20	- Cóimhiotail alúmanaim
7606 92	- - As cóimhiotail alúmanaim
7608 10	- As alúmanam, nach bhfuil cóimhiotalaithe
7608 20	- As cóimhiotail alúmanaim
7616 10	- Tairní, greamanna, stáplaí (seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 8305), scriúnna, boltaí, cnónna, crúcaí scriú, seamanna, leicníní, pionnaí leicnín, leicneáin agus earraí comhchosúla eile;
8302 50	- Racaí hata, crúcaí hataí, braic agus feistis chomhchosúla eile

8311 30	- Slata brataithe agus sreang chroíleacaithe déanta as táirmhiotal, le haghaidh sádráil, prásáil nó táthú le lasair
8507 60	- Ian litiam
8528 72	- - Eile, daite
8537 10	- Le haghaidh voltais nach mó ná 1 000 V
8714 10	- De ghluaisrothair (lena n-áirítear móipéid)
8714 91	- - Frámaí agus gabhail, agus páirteanna díobh
8714 92	- - Fonsaí rotha agus spócaí
8714 93	- - Moil seachas moil choscánaithe chóstóra agus coscáin mhoil, agus rothaí sproicéid saor-rotha
8714 94	- - Coscáin, lena n-áirítear moil choscánaithe chóstóra agus coscáin mhoil, agus páirteanna díobh
8714 95	- - Diallaití
8714 96	- - Troitheáin agus giaranna cromáin, agus páirteanna díobh
8714 99	- - Eile

IARSCRÍBHINN II

Rothair chríochnaithe a tháirgtear sa Chambóid faoi charnadh sínte le Vítneam

Cód HS2022	Tuairisc ar na hearraí
8711 60	- Ina bhfuil mótar leictreach le haghaidh tiomána
8712 00	Rothair dhá roth agus rothair eile (lena n-áirítear trírothaigh), nach de chineál mótarthrealmhaithe iad.